Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12333/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0234 (NLE)**

**ECOFIN 1077**
**UEM 387**
**FIN 1143**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Lúnasa 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 431 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 431 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 431 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.8.2026
COM(2026) 431 final

2026/0234 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire**

{SWD(2026) 263 final}

2026/0234 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bhulgáir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (‘an plean’) a chur isteach an 15 Deireadh Fómhair 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Bealtaine 2022, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022’)[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 18 Iúil 2025[4], an 27 Samhain 2025[5] agus an 28 Bealtaine 2026[6].

(2) An 10 Meitheamh 2026, rinne an Bhulgáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an mBulgáir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Bhulgáir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 47 bheart.

(4) Mínigh an Bhulgáir go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar mhoilleanna gan choinne ar chur chun feidhme de bharr imthosca nach bhfuil neart ag an mBulgáir orthu. Baineann an méid sin le hInfheistíocht 7, Córas

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 ST 8091/22 INIT; ST 8091/22 ADD 1.
3 ST 15837/23 INIT; ST 15837/23 ADD 1.
4 ST 11242/25 INIT; ST 11242/25 ADD 1.
5 ST 15108/25 INIT; ST 15108/25 ADD 1.
6 ST 8819/26 INIT; ST 8819/26 ADD 1.

Faisnéise Aontaithe maidir le Pleanáil Spásúlachta, Dearadh Infheistíochta agus Ceadú Tógála. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir go mbainfí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(5) Mínigh an Bhulgáir go bhfuil deich mbeart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, i ngeall ar mhoilleanna gan choinne ar chur chun feidhme de bharr imthosca nach bhfuil neart ag an mBulgáir orthu. Baineann an méid sin le C4.I1 Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh, C8.I5 Sábháilteacht ar bhóithre, C10.I6 Tacú le céim phíolótach chun samhaltú faisnéise foirgníochta a thabhairt isteach, C11.I1 Oibreacha bonneagair i mbunaíochtaí cúraim fhadtéarmaigh, C12.I1 Nuachóiriú saoráidí ospidéil, C12.I4 Córas otharchairr aeir a bhunú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Bhulgáir go bhfuil ceithre bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann an méid sin le C4.I9 Scéim fóirdheontais – athchóiriú foirgneamh cónaithe, C4.R11 Rialachas corparáideach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil an fhuinnimh a fheabhsú, C8.R4 Iompar poiblí comhtháite, agus C9.R2 Athchóiriú ar an soláthar uisce agus ar an séarachas. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Bhulgáir go bhfuil 34 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le C1.I1 Ionaid ETIM agus nuálaíocht san oideachas; C1.I2 Oibreacha bonneagair is saoráidí oideachais; C1.I3 Scileanna digiteacha; C1.I4 Lárionaid Óige; C2.I1 Clár le tacú le taighde agus nuálaíocht; C2.I2 Infheistíocht in Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire; C3.I1Clár le haghaidh páirceanna agus criosanna tionsclaíocha ('AttractInvestBG'); C4.I3 Tacaíocht do chórais soilsithe sráide atá tíosach ar fhuinneamh; C4.I4 Aistriú digiteach na heangaí tarchurtha leictreachais; C4.I8 Bonneagar náisiúnta chun leictreachas in-athnuaite a stóráil (RESTORE); C4.R6 Giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú; C4.R10 Dícharbónú na hearnála fuinnimh; C6.I1 Aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta; C8.I1 Rothstoc iarnróid; C8.I7 Soghluaisteacht ghlas; C8.I8 Trealamh chun faireachán nó cothabháil a dhéanamh ar iarnróid agus línte chumhachta lastuas; C8.I9 Bonneagar iarnróid a athchóiriú; C10.R2 Frithéilliú; C10.R10 Soláthar poiblí; C10.I4 Seirbhísí slándála; C11.I2 Gairis chúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan; C11.I5 Seirbhísí digiteacha sa Ghníomhaireacht Fostaíochta; C11.I7 Digitiú cartlann; C11.I8 Bonneagar cultúir; C12.I2 Lárionaid le haghaidh diagnóisiú idirghabhála agus cóireáil inshoithíoch ar ghalair cheirbreashoithíocha; C12.I3 Cúram síciatrach a nuachóiriú; C12.I5 Ardán digiteach náisiúnta le haghaidh diagnóisice leighis; C12.I7 Cúram othar seachtrach a fhorbairt; C13.R2 Trédhearcacht na nósanna imeachta nasctha le haghaidh acmhainneachtaí nua in-athnuaite agus stórála; C13.R3 Feidhmiú an mhargaidh cothromúcháin agus freagairt don éileamh; C13.I1 Córas faisnéise maidir le teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus custaiméirí leochaileacha; C13.I2 Bonneagar náisiúnta chun leictreachas in-athnuaite a stóráil (RESTORE)(uas-scálaithe); C13.I3 Córais Fhótavoltacha a shuiteáil agus Feithiclí Leictreacha a Sholáthar le haghaidh Saoráidí Seirbhísí Sóisialta; C13.I4 Tacaíocht d'acmhainneachtaí do ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus do stóráil leictreachais. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir

go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(8) Tar éis bearta a bhaint nó a leibhéal cur chun feidhme a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Bhulgáir údarú úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun trí bheart nua a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme naoi mbeart a mhéadú. Baineann an méid sin le C10.I12 Digiteáil na Gníomhaireachta Custaim agus C10.I13 Digiteáil na Gníomhaireachta Ioncaim Náisiúnta agus C4.I9 Scéim fóirdheontais – athchóiriú foirgneamh cónaithe. Ar an mbonn sin d'iarr, an Bhulgáir go méadófaí leibhéal cur chun feidhme birt amháin (C4.I9 Scéim fóirdheontais – athchóiriú foirgneamh cónaithe) agus go dtabharfaí isteach dhá bheart nua (C10.I12 Digiteáil na Gníomhaireachta Custaim agus C10.I13 Digiteáil na Gníomhaireachta Ioncaim Náisiúnta). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Bhulgáir i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta atá sa phlean sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(12) Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo. I gcás an mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach sa phlean nua (C.10.I12 Digiteáil na Gníomhaireachta Custaim agus C.10.I13 Digiteáil na Gníomhaireachta Ioncaim Náisiúnta), chuir an Bhulgáir meastóireacht ar fáil ar na bearta in aghaidh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir leis an Treoraíocht Theicniúil maidir le 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (C/2023/111). De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go meastar go n-áiritheofar leis an bplean leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht,

[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj/eng).?locale=ga).

nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 48,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 99,5 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(14) Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo. Baineann laghdú ar mhéid infheistíochta amháin a rannchuidíonn leis an aistriú glas agus a tháinig as moilleanna gan choinne ar chur chun feidhme a eascraíonn as imthosca nach raibh neart ag an mBulgáir orthu leis an bplean leasaithe. Mar sin féin, tá leibhéal an rannchuidithe le cuspóirí glasa fós i bhfad os cionn na sprice aeráide a leagtar amach in Airteagal 18(4)(e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leanann an plean leasaithe de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú glas, chomh maith le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach, agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 21,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(16) Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo. Baineann na leasuithe ar an bplean le leasuithe ar 17 mbeart a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach, le deireadh a chur le rannchuidiú birt amháin leis an aistriú digiteach, agus le dhá bheart nua a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach a chur leis. D'ainneoin an laghdaithe ar chur chun feidhme, ós rud é gur áiríodh dhá bheart, C10.I12 Digiteáil na Gníomhaireachta Custaim agus C10.I13 Digiteáil na Gníomhaireachta Ioncaim Náisiúnta, tá méadú beag tagtha ar an méid a chuireann an plean leis an aistriú digiteach.

*Costáil*

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(18) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh na mbeart nua agus le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena leasú, léirítear go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte. I líon fíorbheag cásanna, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, i ngeall i bpáirt ar úrnuacht na mbeart. Cuireann sé sin bac ar rátáil A don chritéar measúnaithe seo. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart leasaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus thacaigh ríomhanna mionsonraithe agus fianaise

leo, agus mar sin níor athraíodh réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, na socruithe atá beartaithe sa phlean leasaithe, is leormhaith (rátáil A) iad chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus tá coinne leis go ndéanfaidh siad cistiú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(20) Ó rinneadh an measúnú a tháinig roimh an gceann seo, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialúcháin na Bulgáire. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Bhulgáir.

(21) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialúcháin inmheánaigh plean na Bulgáire leordhóthanach ar an iomlán.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(22) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bhulgáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean na Bulgáire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (g), (h) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(23) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(24) Is é EUR 6 174 106 145 costas iomlán mheasta plean leasaithe na Bulgáire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe cothrom leis an

[8] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj/eng).?locale=ga).

ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Bhulgáir, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], le hAirteagal 20(4) agus le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean leasaithe na Bulgáire, ba cheart gurb é EUR 6 174 106 145 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Bhulgáir.

(25) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a ionadú go hiomlán.

(26) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean leasaithe na Bulgáire ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean don Bhulgáir mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[9] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).